Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10850 – ASMENT DE TEMARA / VEOM / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 321/05)

1. An 16 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Asment de Temara ("AdT", Maracó), faoi rialú Votorantim S.A. ("Votorantim", an Bhrasaíl),

— Veolia Services à l'Environnement Maroc ("VEOM", Maracó), faoi rialú Veolia Environnement S.A. ("Veolia", an Fhrainc),

— comhfhiontar nuachruthaithe chun críocha na hoibríochta comhchruinnithe ("an comhfhiontar", Maracó),

Gheobhaidh AdT agus VEOM rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus (4) den Rialachán um Chumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe arb í an comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá AdT gníomhach i dtáirgeadh na stroighne, na coincréite, agus na gcumascán i Maracó,

— Cuideachta sealbhaíochta is ea VEOM a shealbhaíonn cuideachtaí Maracacha ghrúpa Veolia, grúpa atá gníomhach i soláthar seirbhísí fuinnimh agus seirbhísí a bhaineann leis an uisce (astarraingt, dáileadh agus cóireáil uisce óil, bailiú agus cóireáil fuíolluisce, etc.) agus leis an dramhaíl (bailiú agus cóireáil gnáthdhramhaíola, dramhaíola guaisí, agus dramhaíola rialaithe),

— forbróidh agus oibreoidh an comhfhiontar ardán réamhchóireála dramhaíola neamhghuaisí agus guaisí i Maracó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10850 – ASMENT DE TEMARA / VEOM / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË